Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme

Rialtas Áitiúil Éireann
Local Government Ireland



# Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta

## 2023–2027





**Baile Átha Cliath**

**Pictiúir Clúdaigh (C go D):** Jessica O'Donnell, Mellowes Spring Childcare and Development Centre, Dara MacDonaill/The Irish Times

# Na Caibidlí


| | | |
|---|---|---|
| | **Réamhrá ón Ardmhéara agus ón bPríomhfheidhmeannach** | 02 |
| 01 | **Éire Ildánach 2023–2027** | 04 |
| 02 | **Cultúr agus Cruthaitheacht i mBaile Átha Cliath** | 06 |
| 03 | **Fís Éire Ildánach do Bhaile Átha Cliath** | 10 |
| 04 | **Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach**<br>Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha | 12 |
| 05 | **Tosaíochtaí Straitéiseacha do Bhaile Átha Cliath** | 14 |
| 06 | **Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Bhaile Átha Cliath** | 18 |
| | **Léarscáil de Bhaile Átha Cliath** | 19 |


Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

# Réamhrá

**Réamhrá ón Ardmhéara**
Cathair bhríomhar, ilchultúrtha atá i gCathair Bhaile Átha Cliath ina bhfuil meascán daoine, cultúir agus traidisiúin. Tá sí an-stairiúil ach tá sí ag breathnú chun cinn ar an todhchaí freisin. Tarraingíonn cultúr uathúil agus sainchineálach Bhaile Átha Cliath muintir na háite, daoine as an gcuid eile d'Éirinn agus daoine as tíortha eile isteach chun taithí a fháil ar an bhfilíocht, an litríocht, an ceol, an damhsa, an drámaíocht, an oidhreacht agus na hamharcealaíona. Spreag an chathair glúnta d'ealaíontóirí, scríbhneoirí agus taibheoirí agus maireann cáil shráideanna na cathrach s'againne sa litríocht agus sa cheol, a bhfuil daoine ar an eolas fúthu fud fad an domhain. Fáiltím roimh Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2023–2027, freagra Chathair Bhaile Átha Cliath ar an gclár náisiúnta, Clár Éire Ildánach 2023–2027. Is tionscnamh uile-rialtais é clár Éire Ildánach, atá ar siúl anois le sé bliana, agus cuireann sé an chruthaitheacht i gceartlár an bheartais phoiblí.
Tá na húdaráis áitiúla ag seachadadh an chláir go háitiúil agus ag dul i dteagmháil leis na saoránaigh.

Beidh Baile Átha Cliath ag díriú, fad a mhairfidh an clár seo, ar an nGaeilge, ar an gcomhoibriú chruthaitheach idir Ranna na Comhairle Cathrach, agus ar thacaíocht a thabhairt do phobail a ndearnadh beag is fiú díobh cheana trí cuimsiú sóisialta agus ilchineálacht chruthaitheach a spreagadh.

Is gné lárnach de shaol gach aon duine againn an chruthaitheacht agus cabhraíonn sí leis na tionscnaimh ealaíona agus cultúrtha ar fad, leis an nuálaíocht agus leis an acmhainneacht. Tá fáilte ar leith roimh an mbéim atá leagtha ar an gcruthaitheacht mar chuid den fholláine agus chruthaigh an tacaíocht atá á tabhairt ag Éire Ildánach do dhaoine óga agus don ghníomhú ar son na haeráide (gan ach dhá cheann dá gcláir a ainmniú) fíor-chomhpháirtíocht agus deiseanna cruthaitheacha do mhuintir Bhaile Átha Cliath agus do chuairteoirí.

Agus é taobh le taobh leis na dtionscnaimh Ealaíon, Oidhreachta, Leabharlainne agus Nuálaíochta éagsúla dár gcuid cuirim fáilte roimh an gclár speisialta seo agus molaim é.

**An Comhairleoir Caroline Conroy**
Ardmhéara



**Réamhfhocal ón bPríomhfheidhmeannach**
Tá áthas orm Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2023–2027 a chur i láthair. Léiríonn an straitéis seo go bhfuiltear ag díriú isteach ar thionscadail chomhoibríocha san obair ar fad atá ar bun ag Cathair Bhaile Átha Cliath, agus dearbhú á dhéanamh ar na luachanna agus na gcuspóirí atá corpraithe cheana féin sna pleananna agus sna straitéisí atá ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath - Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath, An Straitéis Chultúrtha, Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair Bhaile Átha Cliath (LECP), An Plean Ealaíon agus an Beartas Ealaíon, Oideachais agus Foghlama. Cuidíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath leis an rannpháirtíocht agus leis an gcleachtas cultúrtha trí chomhpháirtíochtaí agus trí chomhoibriú, trí thacaíocht shuntasach dhíreach agus indíreach agus trí bhonneagar don chultúr a sholáthar ar fud na cathrach agus i gcomharsanacht na cathrach. Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tiomanta don chathair a fhorbairt mar áit ina mbraithfidh daoine as gach náisiún agus as gach cúlra eitneach go bhfuil siad sa bhaile ann agus iad bródúil as an áit, agus go dtabharfar deis dóibh cur le gach gné de shaol na cathrach.

Baineann foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chathair Bhaile Átha Cliath faoi stiúir Leabharlannaí na Cathrach, Mairead Owens agus le tacaíocht ó Oifig Ealaíon na Cathrach úsáid as an taithí atá ag foirne sna Ranna éagsúla i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus oibríonn siad le chéile chun an chruthaitheacht a chothú agus rannpháirtíocht an phobail sa saol cultúrtha a threisiú. Léirigh comhairliúcháin le linn 2022 an tábhacht a bhaineann le deiseanna a chruthú agus tacú le deiseanna ionas go mbeidh gach saoránach in ann páirt a ghlacadh in eispéiris chultúrtha agus chruthaitheacha atá cuimsitheacha agus ilchineálach.

Is í Cathair Bhaile Átha Cliath príomhchathair riaracháin agus pholaitiúil na hÉireann Is ann atá go leor d'institiúidí cultúrtha náisiúnta na hÉireann lonnaithe, amhail an Leabharlann Náisiúnta, Cartlanna, Gailearaithe agus Músaeim, institiúidí a thugann smaointe agus inspioráid, agus a chothaíonn nasc idir pobail an chultúir agus an pobal poiblí.

Cuireann Cathair Bhaile Átha Cliath spásanna ar fáil do shaoránaigh le taithí a fháil ar an litríocht, an ceol, an damhsa agus go leor eile, agus iad a chruthú. Is é Baile Átha Cliath, an 4ú Cathair Litríochta de chuid UNESCO. Is comhpháirtí gníomhach é i Líonra Cathracha Cruthaitheacha UNESCO agus tá ról agus caidrimh shainithe aige laistigh den ghrúpa ina bhfuil 28 Cathair Litríochta de chuid UNESCO anois. Baineann an rannpháirtíocht chomhoibritheach seo leas as oidhreacht liteartha oirirc na cathrach agus ar a éiceachóras cultúrtha comhaimseartha. Cothaítear an scríbhneoireacht chruthaitheach go háitiúil trí scéimeanna ar nós scéim Scríbhneoirí Cónaithe Chathair Bhaile Átha Cliath agus go hidirnáisiúnta trí Ghradam Idirnáisiúnta Liteartha Bhaile Átha Cliath.

Leagtar amach i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chathair Bhaile Átha Cliath 2023–2027 seacht dtosaíocht straitéiseacha a iarrann ar dhaoine a bheith ag baint taitnimh agus ag iniúchadh, a bheith ag fáil taithí agus ag baint barr feabhais amach. Léiríonn na cláir éagsúla a bhíonn ar bun go leanúnach cumas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ó thaobh cláir chultúrtha agus chruthaitheach a sheachadadh agus na saoránaigh a bheith rannpháirteach. Samplaí díobh seo is ea *Children's Art in Libraries,* na cúrsaí líníochta i nGailearaí Chathair Bhaile Átha Cliath, The Hugh Lane, an Fhéile *One City One Book* de chuid Baile Átha Cliath mar Chathair Litríochta UNESCO, *Opera in the Open,* Staraithe Cónaithe Chathair Bhaile Átha Cliath agus *Culture Connects* Bhaile Átha Cliath. Téann sé chun tairbhe do dhaoine aonair agus do phobail a bheith rannpháirteach in imeachtaí cultúrtha, agus déanfar comhoibriú a chothú thar shaol na straitéise, rud a chuirfidh go mór leis na deiseanna a bheidh ag saoránaigh páirt a ghlacadh ina gcathair.

**Owen P. Keegan**
Príomhfheidhmeannach

Black and white photograph – My Dublin 1963: My Dubliners 2020, Dublin, Alen McWeeney

# 1 Éire Ildánach
## 2023–2027

Is tionscnamh uile-rialtais é Clár Éire Ildánach atá tiomanta do rochtain a fheabhsú i dtaobh chultúr agus chruthaitheacht na hÉireann, rannpháirtíocht iontu a fheabhsú agus an sásamh a bhaintear astu a fheabhsú. Laistigh den réimse leathan de shainmhínithe atá ar fáil, meastar an chruthaitheacht a bheith ina shraith de chumais nádúrtha agus scileanna foghlama; ábaltacht daoine aonair agus eagraíochtaí smaointe agus gnásanna a nglactar leo a shárú agus trí úsáid a bhaint as an tsamhlaíocht chun smaointe nua a chruthú a thugann fiúntas breise do ghníomhaíocht an duine.

Is é fís Chlár Éire Ildánach 2023–2027 an chruthaitheacht a bheith ina gnáthchuid de shaol an náisiúin chun go mbeimid ábalta an cumas iomlán cruthaitheachta atá ionainn, inár saol pearsanta agus inár n-institiúidí, asainn féin agus i ngrúpaí, a thabhairt chun fíre agus folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn.

Déanfaidh Clár Éire Ildánach maith air sin trí oibriú i gcomhar agus i gcomhpháirtíocht ag cur tuiscint agus meas ar luach na cruthaitheachta i ngach aon fhoirm chun cinn-cé acu ar trí na healaíona, cultúr, oidhreacht nó teicneolaíocht é.

**Déanfaidh Clár Éire Ildánach tús áite a thabhairt dá chuid oibre bunaithe ar chúig ghné don tréimhse 2023–2027:**

1. Óige Ildánach
2. *Pobail Ildánacha*
3. Tionscail Ildánacha
4. Sláinte agus Folláine Ildánach
5. Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht Ildánach

Faoi Chlár Éire Ildánach, tacaíonn *Pobail Ildánacha* leis an gcomhpháirtíocht idir an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus údaráis áitiúla na hÉireann. Cuireann an chomhpháirtíocht seo ar chumas saoránach agus pobal a gcultúr agus a gcruthaitheacht a fhiosrú ag an leibhéal áitiúil agus, nuair is cuí, leas a bhaint as an gcruthaitheacht sin chun an fholláine a neartú, aontacht shóisialta a bhrú chun cinn agus tacú le forbairt eacnamaíoch.

Tá *Pobail Ildánacha* nuálach chomh maith i dtaobh an chruthaitheacht a spreagadh chun lánpháirtiú níos mó a bhaint amach ar fud tosaíochtaí beartais spriocdhírithe. Mar thoradh air sin tá tionscnaimh rannpháirtíochta cruthaitheachta nua bainte amach maidir le leanaí agus daoine óga, daoine níos sine, gníomhú ar son na haeráide agus geilleagair áitiúla, mar shampla. Tá dearcadh daoine aonair agus pobail maidir leis an ról agus luach atá ag an gcultúr agus ag an gcruthaitheacht lárnach inár bhfolláine sa chiall is leithne ag feabhsú.

Is chun tacú le rannpháirtíocht, uilechuimsiú daoine agus iad a bheith ábalta iad féin a chur in iúl laistigh de phobail atá i gceist leis an deis a glacadh go fonnmhar i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027 Lú agus geilleagair áitiúla cruthaitheachta a neartú tuilleadh.



Drawing *en plein air* at the Hugh Lane Gallery's Art and the Outdoors on Parnell Square, Dublin. **Photograph:** Jessica O'Donnell, Hugh Lane Gallery.

# 2 Cultúr agus Cruthaitheacht i mBaile Átha Cliath

Ó bunaíodh an chathair, tá Baile Átha Cliath mar spreagadh don chultúr agus don chruthaitheacht — is cathair í don ealaín, don mhachnamh agus don nuálaíochta agus í saibhir ó thaobh an traidisiúin de. Is féidir leis an té a thugann cuaire ar Bhaile Átha Cliath blaiseadh a fháil de na bealaí éagsúla a gcuirtear an oidhreacht seo ar ár súil dúinn– séipéil na meánaoise, na cearnóga Seoirseacha agus saol rathúil na litríochta comhaimseartha; na ceannródaithe digiteacha agus na grúpaí ealaíon pobail fuinniúla; na gailearaithe móra agus cultúr ilchineálach an cheoil- iad ar fad ag tabhairt léargais ar Bhaile Átha Cliath uilíoch an lae inniu.

I gCathair Bhaile Átha Cliath sa lá atá inniu ann níl aon bhaint ag aois, cúlra sóisialta ná an tír as a dtagann duine leis an rannpháirtíocht in imeachtaí cultúrtha. Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tiomanta do thacaíocht a thabhairt don fhuinneamh cruthaitheachta bríomhar atá sa chathair cheana féin. Agus ina theannta sin, glacann sí uirthi féin na cláir, na creataí tacaíochta, an bonneagar, na comhpháirtíochtaí, agus na beartais a úsáid chun an rannpháirtíocht a chothú agus tacú leis an gcruthaitheacht i ngach cuid den chathair. Tá sé ríthábhachtach deiseanna a chruthú do pháistí ionas gur féidir leo taithí a fháil ar ar an gcultúr agus ar an gcruthaitheachta agus iad an-óg, ní hamháin ar mhaithe le folláine agus le forbairt an pháiste féin, ach freisin chun a chinntiú go mbeidh cultúr na cathrach inbhuanaitheach amach anseo. Bíonn páistí agus daoine óga i mBaile Átha Cliath i mbun réimse leathan de ghníomhaíochtaí cruthaitheacha, i ranganna agus i gclubanna agus i suíomhanna teaghlaigh — ón gceol agus an damhsa go dtí an códú. Tugann cláir a fhaigheann tacaíocht ón gComhairle níos mó rochtain ar ghníomhaíochtaí cultúrtha dóibh siúd a d'fhéadfadh a bheith ar an imeall.

Is i mBaile Átha Cliath amháin atá Comhlacht Cultúir ar leith lonnaithe. Comhoibríonn Comhlacht Cultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le daoine, le pobail, le heagraíochtaí cultúir, le gnólachtaí agus le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an rannpháirtíocht in imeachtaí cultúrtha a mhéadú agus eispéiris chultúrtha a leabú i saol gach duine a ghlaonn baile ar Bhaile Átha Cliath. Tríd an gcultúr agus an comhrá cothaítear muinteras idir na daoine, rud a chuidíonn leis an bhfolláine agus an tsláinte agus a chuireann caidrimh shóisialta, muintearas, comhtháthú pobail agus mórtas áite chun cinn. Cuireann an Comhlacht Cultúir réimse leathan de chláir ar fáil ina measc:

**The National Neighbourhood:** Clár a bhíonn ar siúl i rith na bliana ar fad a thugann bealaí do dhaoine leis an gcultúir a thabhairt faoi deara agus é a chruthú ina n-áit féin le daoine a bhfuil aithne acu orthu. Is féidir úsáid a bhaint as an taithí, an taiscéalaíocht agus na naisc seo le go bhféadfaidh an chruthaitheacht a bheith ina cuid de shaol na ndaoine ó lá go lá.

**Culture Club:** Shraith de chainteanna agus de thurais óstáilte a chuireann daoine ar an eolas faoi na spásanna cultúrtha atá sa chathair agus a mheallann iad chucu. Oibríonn an Comhlacht trína chomhpháirtithe chun bealaí nua a thabhairt do dhaoine le teacht go héasca agus go muiníneach ar imeachtaí cultúrtha, ionas go mbeidh siad in ann a nósanna i leith an chultúir a fhorbairt agus cur leo.

**Tea & Chats:** Clár a bhíonn ar siúl i rith na bliana ar fad ina mbíonn comhrá neamhfhoirmiúil ar bun le grúpaí faoina dtuairimí agus a smaointe maidir leis an gcathair agus an cultúr. An bhfuil do chathair agus do phobal tábhachtach duitse? An bhfuil bealach ann a bhféadfadh an cultúr caidreamh a chothú eadrainn ar fad?

**Líonra ACCESS Culture For All:** Déanann An Comhlacht Cultúrtha ionadaíocht ar Bhaile Átha Cliath i líonra ina bhfuil ocht bpríomhchathair de chuid na hEorpa - Amstardam, Baile Átha Cliath, Liospóin, Londain, Sóifia, Ríge, Taillinn, agus Vilnias. Tá na cathracha seo ag obair le chéile chun a smaointe agus a dtaithí a roinnt agus polasaithe nua don chuimsiú sóisialta a leagan amach. Tá sé mar aidhm aige an chaoi a ndéantar beartais a bhaineann le cúrsaí cultúir sa Eoraip a athrú go hiomlán agus mar thoradh air seo a gcinntiú go mbeidh teacht ag gach saoránach ar an gcultúr. Creideann an líonra gur féidir leis an gcultúr ról tábhachtach a imirt mar a bhaineann le réiteach a fháil ar na fadhbanna casta a mbíonn ar chathracha dul i ngleic leo sa lá atá inniu ann. Oibreoidh an líonra le chéile thar thréimhse dhá bhliain chun na dúshláin chomónta a bhíonn ag cathracha a réiteach.

**Culture Connects:** Clár é seo a bhíonn ar siúl i rith na bliana ar fad. Iarrann sé ar dhaoine i mBaile Átha Cliath tabhairt faoi rudaí nua agus tugann sé deiseanna nua dóibh a bheith ag cruthú i bpáirt le chéile, ag roinnt a smaointe agus ag cothú caidrimh tríd an gcultúr agus tríd an gcomhrá.

**The EU Lab:** Aimsíonn sé seo páirtithe a bhfuil spéis acu sna rudaí céanna agus déanann sé iad a mheaitseáil d'fhonn teacht ar fhoinsí maoinithe ón Eoraip do smaointe atá nua agus uaillmhianach. Trí EU Lab, tá iarratais chasta curtha le chéile ag an gCuideachta, tá oiliúint curtha ar fáil aige faoi chórais an AE, agus tá nasc cruthaithe aige idir na rannóga cultúrtha laistigh de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus a gcomhpháirtithe san Eoraip, d'fhonn maoiniú a fháil, smaointe a fhorbairt agus tionscadail a chur i gcrích. Mar chuid dár gcuid oibre le hÉire Ildánach le cúig bliana anuas bhíomhar ag comhoibriú ar na nithe seo a leanas:

Tá **Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide Chromhghlinne** bunaithe ar chomhoibriú idir na pobail i gCromghlinn agus beirt ealaíontóirí: Aoife Raleigh, bean ildisciplíneach atá ina healaíontóir, ina léiritheoir agus ina héascaitheoir sorcais, agus a bhfuil go leor duaiseanna buaite aici, agus Niamh Shaw, scríbhneoir, taibheoir, innealtóir agus eolaí a hainmníodh le déanaí ar dhuine de phríomhlucht cumarsáide na heolaíochta in Éirinn agus atá ina speisialtóirí STEAM. I measc na ngrúpaí áitiúla atá páirteach tá Glantachán Pobail Chromghlinne, Positive Action Chromghlinne, agus Ionad Pobail Naomh Agnes don Cheol agus do na hEalaíona. Cruthóidh sé seo nasc le cónaitheoirí Chromhghlinne, lena n-áirítear an ceantar idir Bóthar Mhuire, Bóthar Naomh Agnes, Bóthar Chamaí Thiar, Camaigh Íochtarach, Bóthar an Chlochair agus Bóthar Parnell. Taobh amuigh de Chromghlinn oibreoidh an tionscadal chun samhail inscálaithe a chruthú don athrú agus don ghníomhú ar an leibhéal áitiúil, ionas go bhféadfar bealaí nua atá cruthaitheach agus nuálach a fhorbairt le dul i ngleic leis an athrú aeráide agus an t-athrú comhshaoil.

**My Dublin My Dubliners:** Is grianghrafadóir faisnéise ealaíne a bhfuil cáil idirnáisiúnta air é Alen MacWeeney. Rugadh i mBaile Átha Cliath é i 1939 ach tá sé ina chónaí i Nua-Eabhrac. Thaispeáin an tionscadal seo saothair a chruthaigh MacWeeney i mBaile Átha Cliath i 1963 ach nach bhfacthas roimhe seo. Taispeánadh na saothair ar phainéil Digi agus ar shuíomhanna do phóstaer ar scáthlan bus i lár chathair Bhaile Átha Cliath. Mar chuid d' fotheidil na bpóstaer baineadh úsáid as freagraí a roghnaíodh astu siúd a phostáil muintir Bhaile Átha Cliath agus iad ag freagairt d'íomhánna ar leith in 2020. Dá bhrí sin, bhí an tionscadal seo ag tabhairt an saol a bhí i mBaile Átha Cliath san am a chuaigh thart ar ais go dtí an saol in 2020 agus chuig muintir Bhaile Átha Cliath sa lá atá inniu inniu. Déanann sé ceiliúradh ar an gcumhacht atá ag grianghraif comhráite a chruthú, pobail a aontú, agus an té atá ag breathnú orthu a thabhairt siar go dtí saol agus tréimhse ama eile.

Lean an tionscadal ar aghaidh le teilgean mór lasmuigh ar Chearnóg Theach an Chruinnithe i mBarra an Teampaill. Taispeánadh íomhánna a bhí roghnaithe as na bpríomhshaothair seo, a raibh coimisiúnú déanta go speisialta orthu. Roghnaíodh tuilleadh íomhánna freisin agus cuireadh iad seo ar taispeántas i nGailearaí na Grianghrafadóireachta. Tugadh an tionscadal chun críche le hócáid ina raibh agallamh pearsanta leis an ngrianghrafadóir agus seoladh leabhar.

**Art and the Outdoors:** Ócáid dhá lá a bhí anseo a mheall an líon is mó cuairteoirí chuig Gailearaí Hugh Lane ó osclaíodh athuair é don phobal in 2021. Ghlac os cionn 2,000 duine de gach aois páirt i gcaitheamh an dá lá agus ba ghá sráid a dhúnadh go speisialta don ócáid. Ba í seo an chéad ócáid shuntasach a raibh daoine in ann freastal daoine uirthi go pearsanta ó dúnadh an Ghailearaí i dtosach i Márta 2020.

**An Coimisiún um Éagsúlacht agus Grianghrafadóireacht:** Roghnaíodh cúigear ghrianghrafadóirí mar thoradh ar chomórtas oscailte le freagra cruthaitheach a thabhairt ar an téama 'éagsúlacht' i gCathair Bhaile Átha Cliath. Ba iad Mandy O'Neill, Ala Buisir, Jialin Long, Tessy Ehiguese agus Tobi Isaac-Ierin na grianghrafadóirí a bhuaigh an comórtas.

**Tionscadal WraPParound — Éigse Éireann:** Is clár Scríbhneoir Cónaithe bunaithe ar an labhairt agus ar an taibhfhilíochta é seo atá ar siúl anois le 8 mbliana agus ina n-oibríonn Scríbhneoirí Cónaithe Éigse Éireann agus Teastas Sóisearach — Clár na Scoile Tionscnamh na Leabharlanne le chéile.

Bhí an Fhéile **Eat the Streets** ar siúl in Ard-Mhúsaem na hÉireann – Na hEalaíona Maisiúla agus Stair, Dún Uí

Choileáin, mar chuid de Sheachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide Bhaile Átha Cliath 2022. Bhí ceardlanna saor in aisce ann do pháistí agus dóibh siúd a airíonn óg, áit ar fhoghlaim daoine an chaoi le glasraí a phicilt, gearradh ar nós cócaire agus ceadúnas scian a thuilleamh, nó múirín a dhéanamh as blúirí bia. Bhí cócairí réidh le dul i mbun cócaireachta agus a gcuid leideanna maidir leis an gcaoi le gníomhú ar son na haeráide sa chistin a roinnt!

**Cláir First Fortnight:** Oibríonn na cláir seo le lucht spéise éagsúil ar fud Bhaile Átha Cliath, chun tús a chur le comhráite i lear mór pobail i dtaobh an náire a bhaineann leis an meabhairshláinte. Baineadh úsáid as na healaíona agus as imeachtaí cultúrtha chun constaicí a shárú. I measc na n-imeachtaí go dtí seo bhí:

— Ann Ingle ag Axis, i mBaile Munna. D'inis Anne dá léitheoirí faoi na dúshláin a bhain leis na blianta a raibh meabhairghalar ar a fear céile agus an chaoi a bhfuil sé bás go tragóideach ,gan é ach daichead a haon. Rinneadh caint Ann a thaifeadadh freisin i bhfoirm podchraolta, le go bhféadfar é a dháileadh amach anseo.
— 'Cloud Study' le Irish Modern Dance. Meascán de dhamhsa, aisling, amharclannaíocht agus lúthchleasaíocht atá anseo. Déanann beirt damhsóirí iontacha — Mufutau Yusuf, Éireannach, a rugadh sa Nigéir agus Salma Ataya, damhsóir comhaimseartha as an bPalaistín a rinne damhsa ar Dabka freisin — iarracht 1,000 ciliméadar a rith i gciorcail agus i línte tríd an spás, agus iad ag tóraíocht aislingí, cuimhní cinn agus baile.
— Seirbhís Náisiúnta do Thaistealaithe Theach Malartaithe Éireann. Ó bhí 1980 ann tá an eagraíocht seo ina bhfuil taistealaithe agus daoine nach taistealaithe iad ar cheann de na príomhsholáthraithe mar a bhaineann le seirbhísí líne tosaigh agus seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do Thaistealaithe atá imeallaithe go mór in Éirinn. Tá siad ag léiriú sraith scannán a cheap na rannpháirtithe le linn trí shraith de cheardlanna.
— Seo é an chéad phodchraoladh de chuid The Two Norries a bhí ar siúl beo i mBaile Átha Cliath. Chuir James agus Jim an podchraoladh seo ar fáil le daoine a spreagadh chun dul ar mhalairt slí agus oideachas a chur ar dhaoine a bhfuil spéis acu in ábhair a bhaineann le húsáid drugaí, andúil, téarnamh, scoir de, tráma, meabhairshláinte agus aicme shóisialta.
— *My Story My Song.* Tráthnóna cairdiúil scéalaíochta agus amhránaíochta a bhí anseo ina raibh 10 dtaibheoir cumasach páirteach agus é á choimeád ag Mark Whelan. D'inis na healaíontóirí ar fad faoi phíosa ceoil a chabhraigh leo teacht slán as tréimhse dúshlánach ina saol agus ina dhiaidh chuir siad i láthair amhrán atá an-tábhachtach dóibh. Rinneadh sruthú beo ar an ócáid le go mbeadh lucht féachana níos mó páirteach ann.

Rinneadh **Tionscadail Múrmhaisithe Fhionnghlaise** a dhearadh agus a chríochnú i gcomhar le Mellowes Spring Childcare Development Centre (Club Iarscoile) agus an ilchineálacht, laistigh den ionad agus sa phobal i gcoitinne, mar théama. Tá an múrmhaisiú le feiceáil i spás poiblí laistigh d'Ionad Cathartha agus Fóillíochta Fhionnghlaise.

Tá clár d'fhéilte agus d'imeachtaí, rannpháirtíochtaí pobail agus tacaíochtaí d'ealaíontóra, a bhfuil saibhreas cultúrtha iontu, á gcur ar fáil i gcónaí ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Tá **Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath** ina moil chruthaitheachta do pháistí i rith an ama. Anuas ar an inspioráid chruthaitheach a thugann na bailiúcháin leabharlainne dúinn, is áiteanna iad chun bualadh le chéile le haghaidh ceardlanna, tionscadail, agus deiseanna don fhoghlaim chruthaitheach, chomh maith leis na tionscnaimh léitheoireachta a bhíonn ar siúl go leanúnach, lena n-áirítear na cláir léitheoireachta *Right to Read,* Léitheoir Cónaithe agus *Summer Stars.*

**Dánlann Chathair Bhaile Átha Cliath:** Tá Dánlann Hugh Lane fós ag tabhairt deis do pháistí agus do theaghlaigh an fhísealaín a fhiosrú.

**Tá Oifig Chathair Litríochta UNESCO** fós i mbun an Chláir rathúil, An Léitheoir Cónaithe. Faoin tionscadal seo déanann léitheoirí, a cheaptar go speisialta, cláir á reáchtáil chun leabhair nua a chur os comhair na bpáistí agus grá don léitheoireacht a mhúscailt iontu. Cuirtear an clár ar fáil i mbunscoileanna agus i suíomhanna taobh amuigh den chóras oideachais cosúil le clubanna óige.

**Cónaitheacht agus Oiliúint Ealaíon na Luathbhlianta:** Tá an clár seo ag leanúint ar aghaidh ag cumasú ealaíontóirí agus oideachasóirí d'fhonn cláir chruthaitheacha a sheachadadh do pháistí.

**Tionscadal na Scileanna Digiteacha:** Tá Baile Átha Cliath anois ina lárionad domhanda don chruthaitheacht dhigiteach agus don nuálaíocht – ó ghnólachtaí nuathionscanta ollscoile go dtí fathaigh na teicneolaíochta ar nós Google. Chun déileáil leis an mbagairt a bhaineann leis an 'Deighilt Dhigiteach' toisc gur minic nach féidir le teaghlaigh i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste rochtain a fháil ar ghléasanna, ar threalamh ná ar an oiliúint a chuirfeadh ar a gcumas iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna cruthaitheacha a chuireann an saol digiteach ar fáil, tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag éascú an rochtain ar scileanna digiteacha, scileanna is féidir a úsáid ar mhaith leis an gcruthaitheacht agus leis an gcumhachtú araon.

**Músaem an Tionóntáin:** Tá níos mó spéise ná riamh anseo agus é ag plé le pobail i mBaile Munna, i bhFionnghlas agus sa Chabrach. Is as tionóntáin i lár na cathrach a tháinig go leor de na teaghlaigh atá sa chuid seo d'iarthuaisceart Bhaile Átha Cliath. D'oibrigh an staraí Donal Fallon le baill den phobal chun scéalta, cuimhní cinn agus eolas a bhailiú faoin saol a bhí ag na daoine a mhair sna tionóntáin. Níos tábhachtaí fós, tá eolas luachmhar nua á bhailiú aige freisin faoi thaithí na ndaoine sin as Baile Átha Cliath a bhog isteach sna bruachbhailte nuathógtha, a tógadh in iarthuaisceart Bhaile Átha Cliath idir na 1930idí agus na 1960idí. Is féidir breathnú ar an bpróiseas seo mar 'sluafhoinsiú' staire. Léiríonn an tionscadal an tábhacht a bhaineann le bheith gníomhach ag lorg na gcuimhní cinn agus an bhéaloidis seo, toisc go bhfuil sé tugtha faoi deara ag na staraithe nach dóigh le go leor daoine ó chúlra lucht oibre sna ceantair seo go bhfuil a gcuid scéalta *'ina chuid den stair'.*

Tá sé ríthábhachtach go leanfaí ar aghaidh ag déanamh infheistíochta ar bhonn leanúnach in infreastruchtúr cultúrtha Bhaile Átha Cliath d'fhonn a chinntiú go mbeidh saol an chultúir agus na cruthaitheachta chomh bríomhar céanna sa chathair i gcónaí. Tá líonra Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath ina phríomhchuid den chlár infheistíochta seo, lena n-áirítear brainsí nua agus athchóirithe. Chomh maith leis an luach cultúrtha intrinsic atá leis na bailiúcháin atá iontu, is moil iad na leabharlanna freisin le haghaidh réimse d'imeachtaí cruthaitheacha, agus tá siad i gcroí lár sna gcomharsanachtaí do na saoránaigh atá ag iarraidh a bheith bainteach leis an gcultúr. Tuigeann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, chomh maith, an tábhacht a bhaineann le bonneagar a thacóidh le hobair na n-ealaíontóirí gairmiúla sa chathair. Cuireann a gcuid oibre go mór le saol cultúrtha Bhaile Átha Cliath. Ina gcuid saothar, léiríonn siad ábhair dóchais, imní agus paisin na cathrach agus cuireann siad leo. Idir an dá linn, i gcás fhormhór na dtionscadal ealaíne poiblí agus pobail sa chathair, is iad na healaíontóirí gairmiúla a spreagann, a threoraíonn agus a éascaíonn cruthaitheacht na saoránach. Tacaíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le healaíontóirí trí áiseanna gairmiúla ar nós an Gailearaí Saotharlainne agus na Spásanna Cleachtaidh a mhaoiniú. Tugann an áis seo spás d'ealaíontóirí le bheith ag triail rudaí amach, á gcíoradh agus ag forbairt a gcleachtais.

**Léiriucháin Scannán, Beochana agus Teilifíse:** Le fiche bliain anuas tá Baile Átha Cliath ina lárionad suntasach do léiriúcháin idirnáisiúnta. Tugtar tacaíocht do phoist sa tionscal cruthaitheach, agus Baile Átha Cliath á thaispeáint mar cheann scríbe turasóireachta. Mar chuid dá ról agus é ag tacú leis an tionscal, láimhseálann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ceadanna do bhreis agus 4,000 láthair ar na sráideanna. Ina measc seo tá páirceanna, droichid agus tránna.

**Cathair Litríochta UNESCO:** Is í Baile Átha Cliath an ceathrú cathair ar domhan a bhain amach an gradam seo. Mar gheall ar ár n-oidhreacht liteartha agus an saol bríomhar litríochta atá againn faoi láthair, tá Cathair Bhaile Átha Cliath ina cuid de ghréasán na gCathracha Cruthaitheacha ar fud an domhain. Ach eascraíonn cáil na cathrach ó shaol na sráide freisin, an dúil iontach sin sa scéalaíocht, sa spochadh agus san imirt focal a bhfuil áit lárnach acu i gcultúr Bhaile Átha Cliath.

**Cathair na bhFéilte agus na nÓcáidí:** Eagraíonn an Chomhairle Cathrach breis agus 100 féile agus imeacht gach aon bhliain nó tugann sí tacaíocht dóibh. Cabhraíonn siad seo leis na milliúin cuairteoirí a mhealladh agus próifíl chultúrtha na Cathrach a neartú go hidirnáisiúnta. Mar shampla, nascann Féile Bram Stoker oidhreacht liteartha Bhaile Átha Cliath le himeachtaí ealaíon atá comhaimseartha agus ceannródaíoch – féile a thugtar chun críche le paráid ollmhór sráide a bhí á heagrú le blianta beaga anuas ag an gcomhlacht ealaíon sráide Macnas a bhfuil cáil idirnáisiúnta air. Idir an dá linn, is ócáid bhliantúil a shroicheann daoine ar fud an domhain mhóir é Gradam Idirnáisiúnta Liteartha Bhaile Átha Cliath. Iarrtar ar bhreis agus 400 córas leabharlainne i 177 tír ar fud an domhain leabhair a ainmniú gach bliain don ghradam, agus faigheann an ócáid aird idirnáisiúnta ó na meáin gach bliain – níl anseo ach sampla eile den tionchar a bhíonn sa bhaile agus thar lear ag an gcur chuige nuálach rannpháirtíochta atá ag Baile Átha Cliath i leith an chultúir agus na cruthaitheachta.

# 3 Fís Éire Ildánach do Bhaile Átha Cliath

Tá an cultúr i gcroílár na féiniúlachta agus an chaighdeáin maireachtála i mBaile Átha Cliath. Cuireann an cultúr beocht sa chathair agus fágann sé gur ceann scríbe tarraingteach é do lucht féachana áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ag iarraidh blaiseadh a fháil den litríocht, den cheol, den damhsa, den drámaíocht, den oidhreacht agus de na hamharcealaíona.

Baineann ár bhfís leis na beartais agus na tosaíochtaí reatha atá cheana féin ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath– cur leis an rannpháirtíocht agus leis an gcleachtas cultúrtha tríd an gcomhpháirtíocht, le go mbeidh an chathair fáilteach, cuimsitheach agus bhríomhar do chách. Tacóidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le rannpháirtíocht na bpobal trí infreastruchtúr agus cláir a chur ar fáil, tacaíocht a thabhairt do dhearthóirí agus déantóirí, taibheoirí agus cainteoirí, scríbhneoirí agus ealaíontóirí, iad siúd atá fiosrach agus an dream atá cruthaitheach.

Tá a fhios againn go bhfuil ár saibhreas cultúrtha bunaithe ar an gcomhoibriú cruthaitheacha atá i gcroílár ár gcathrach cruthaithí. Toisc go bhfuil an rannpháirtíocht agus rochtain lárnach san fhís seo, is cuid riachtanach dár gcuid oibre é ealaíontóirí agus cruthaitheoirí eile a nascadh le pobail. Dá bhrí sin, d'fhonn ár bhfís a bhaint amach, déanfaimid comhpháirtíochtaí cruthaitheacha a éascú agus a spreagadh agus cabhróimid leo i ngach cuid de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus lasmuigh di.

Tá ról lárnach ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chathair Bhaile Átha Cliath i bhforbairt agus i seachadadh na straitéise seo, agus iad ag obair le pobail áitiúla agus le daoine cruthaitheacha chun an nuálaíocht agus an chruthaitheacht a chothú, agus iad á gcur ar an eolas an rith an ama ag na comhairliúcháin leanúnacha pobail a dhéantar tríd an Culture Company. Cinnteoidh an fhoireann go mbeidh cur chuige comhleanúnach ann maidir leis an tacaíocht don chultúr, forbairt an chultúir, agus na cláir chultúrtha, rud a thugann aitheantas do chuspóirí na bpleananna agus na straitéisí ábhartha atá ann cheana féin do Chathair Bhaile Átha Cliath agus d'fhís Éire Ildánach.

Cuirfidh trí théama straitéiseacha ár bhfís don chéad chúig bliana eile ar an eolas:

**An Ghaeilge.:** Tá athbheochan cruthaitheach le tabhairt faoi deara againn tríd an nGaeilge. Tá an litríocht agus an scannánaíocht i nGaeilge ag bláthú, agus tá níos mó daoine ag iarraidh páirt a ghlacadh sa chruthaitheach agus a bheith i mbun na cruthaitheachta i nGaeilge. Ní fheictear easpa tuisceana ná easpa áiseanna a thuilleadh mar bhac ar í a labhairt ná ar thaitneamh a baint aisti.

Leagfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath béim ar an nGaeilge inár Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta. Oibreoimid go dlúth le Fochoiste Gaeilge Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Fochoiste na Gaeilge, agus déanfaimid ár gcomhpháirtíocht le BÁC le Gaeilge a neartú ar mhaithe le tionscadail agus cláir atá nua-aimseartha agus tarraingteacha a fhorbairt i nGaeilge.

**Guthanna nach gCloistear:** Is príomhluachanna iad an éagsúlacht agus an cuimsiú i bpríomhchathair nua-aimseartha agus is tríd an gcuimsiú a bhainfimid amach na torthaí sin inár straitéis a bhaineann leis an nuálaíocht agus leis an gcruthaitheacht. Ní bheidh na luachanna seo fágtha i riocht mianta nó athsmaointe. Dá bhrí sin, oibreoidh ár straitéis le pobail nach dtugtar mórán airde orthu agus déanfaimid próiseas bliantúil Glao Oscailte a eagrú laistigh de na pobail sin chun tionscadail chruthaitheacha a mhealladh agus muinín a chothú sa tacaíocht a thugann an tÚdaráis Áitiúil do ghuthanna nach gcloistear.

Aithníonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath go bhfuil an chruthaitheacht lárnach don fholláine. I bpobail atá ag dul i ngleic le dúshláin, go háirithe mar a bhaineann le daoine óga, d'fhéadfadh an chruthaitheacht agus an nuálaíocht féidearthachtaí nua agus dearcadh nua ar an saol a chur os a gcomhair. Mar gheall ar an mbéim a chuireann Éire Ildánach ar an gcruthaitheacht mar thréith chuimsitheach, uilíoch, dhaonna spreagtar go leor dearcthaí éagsúla agus an-lear plé. Tá sé cruthaithe go ndéanann maoiniú ó Éire Ildánach foinsí maoinithe eile a spreagadh a thacaíonn leis an obair a bhíonn ar bun againn leis na guthanna nach gcloistear.

**Comhoibriú:** Is sainmharc, mar a bhaineann lenár gcuid oibre le hÉire Ildánach agus lenár gcomhpháirtithe go léir, é cumas Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath comhpháirtíochtaí a bhunú agus oibriú i gcomhar lena chéile i ranna na cathrach, ón Seandálaíocht go dtí an Fhorbairt Eacnamaíoch. Beidh an comhoibriú seo mar théama lárnach i rith an ama maidir lenár gcuid oibre go léir, ach díreofar níos mó ar an rud áitiúil agus ar an rud atá inbhuanaithe, agus ní bheidh an oiread céanna tionscnaimh mhóra i gceist.

Tá an cur chuige comhoibríoch atá againn ar aon dul leis an gcur chuige uile-Rialtais atá ag Éire Ildánach agus thug Gníomhú Cruthaitheach ar son na hAeráide Chromghlinne, a bhí cómhaoinithe ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ag Éire Ildánach, léargas praiticiúil air seo. Sampla iontach is ea é seo d'iliomad Ranna agus gníomhaireachtaí de chuid na Údarás Áitiúil a bhíonn ag plé leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide a bheith ag obair go dlúth le healaíontóirí ó thús go deireadh, i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí pobail agus le daoine cruthaitheacha áitiúla.



Toby Balogan, dancer, Hip Hop workshop, Cruinniu na nOg. Photographer unknown.

# 4 Mar a fheidhmíonn Clár Éire Ildánach

## Prionsabail agus Luachanna Phobail Chruthaitheacha

Leanfaidh *Pobail Ildánacha* ag tacú le húdaráis áitiúla ina straitéis folláine trí:

- **Beartas** — Ag obair i gcomhar ar fud an rialtais ag tacú le húdaráis áitiúla beartais agus tosaíochtaí ábhartha áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta a chur ar fáil;
- **Cleachtadh** — Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta Solúbtha, i réimsí éagsúla ag cur cur chuige sofhreagrúil agus inoiriúnaithe ar fáil atá lárnach do sheachadadh *Pobail Ildánacha* de réir mar atáthar ag tabhairt aghaidh ar thosaíochtaí atá ábhartha go háitiúil.
- **Rannpháirtíocht** — Níos mó deiseanna a chur ar fáil do dhaoine le bheith páirteach iontu agus sult a bhaint as an gcultúr agus cruthaitheacht ag an leibhéal áitiúil i mbealaí a chuireann bonn agus taca faoi chomhionannas rochtana; agus
- **Comhpháirtíocht** — Idir an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, agus Ros Comáin agus na hearnálacha áitiúla cultúir agus cruthaitheachta atá againn.

Tá an cur chuige seo bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar chlár roinnte, straitéiseach agus maith a dhéanamh ar na dúshláin agus deiseanna ar leith atá i ngach limistéar údaráis áitiúil.

Déanfar comhpháirtíocht *Pobail Ildánacha* a sheachadadh i gcomhréir leis na prionsabail agus luachanna seo a leanas:

i. Rochtain níos leithne a bheith ar fáil ar ghníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta áitiúla (agus rannpháirtíocht iontu).

ii. Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun obair i gcomhar agus nuálaíocht a spreagadh i dtaobh folláine, aontacht shóisialta agus forbairt eacnamaíochta níos fearr a bhaint amach.

iii. An cumas atá ag údaráis áitiúla i dtaobh an cultúr agus an chruthaitheacht a imeascadh a neartú ar fud comhfhorbairt áite, athghiniúint, athnuachan agus áiteanna níos bríomhara, níos cruthaithí agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.

iv. Infheistíocht a dhéanamh sa chultúr agus sa chruthaitheacht chun tacú le tuairiscí timpeallachta, sóisialta agus eacnamaíochta a chuidíonn cláir oibre na n-údarás áitiúil a chur ar fáil–idir áitiúil agus réigiúnach, go dtí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

v. Cur leis an gcur chuige lúfar agus comhtháite atá ag Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta chun baint amach breise cláir spríocdhírithe i gcomhar a chothú.



Habon (3) at the Hugh Lane Gallery's Art and the Outdoors on Parnell Square, Dublin. **Photograph:** Dara MacDonaill /The Irish Times



Eat the Streets, Liberty Hall

# 5 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Bhaile Átha Cliath

Níl aon athrú tagtha ar ár dtosaíochtaí straitéiseacha mar a bhaineann le Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023–2027. Is iad sin:

1. Oibreoimid i gcomhar le chéile chun go mbeidh an oiread deiseanna agus is féidir curtha ar fáil do gach duine le páirt a ghlacadh i saol cruthaitheach agus cultúrtha na cathrach
2. Tabharfaimid cuireadh do pháistí a bheith ag siúl thart sa chathair, taitneamh a bhaint aisti agus a bheith ag cruthú agus ag imirt inti.
3. Oibreoimid chun an bonneagar cultúrtha agus cruthaitheach áitiúil a fheabhsú chun go mbeidh úsáid ghníomhach bainte as spáis phoiblí i gCathair Bhaile Átha Cliath
4. Tabharfaimid onóir dár stair agus díreoimid ar ár dtodhchaí
5. Déanfaimid comhpháirtíochtaí inmheánacha agus comhpháirtíochtaí seachtracha a fhorbairt ionas go mbeidh tuilleadh daoine rannpháirteach in imeachtaí cultúrtha.
6. Tabharfaimid tacaíocht d'ealaíontóirí agus do chruthaitheoirí eile
7. Déanfaimid tionscail chultúir, chruthaitheachta agus chruthaitheacha a shuíomh mar chuid lárnach d'iomaíochas agus do cháil dhomhanda Bhaile Átha Cliath

Déanfar na gníomhartha a thiocfaidh as na tosaíochtaí seo a mhúnlú trínár dtrí théama straitéiseacha

1. An Ghaeilge
2. Guthanna nach gCloistear
3. Comhoibriú

Ciallaíonn sé sin go gcuirfimid na ceisteanna seo ar gach tionscadal a bheidh á fhorbairt faoi gach ceann de na tosaíochtaí sin: Conas a chuirfidh sé seo an Ghaeilge chun cinn? Cén chaoi a dtabharfaidh sé seo guth dóibh siúd nach gcloistear? Conas a d'fhéadfaimis comhoibriú chun tionchar agus inbhuanaitheacht a bhrú chun cinn agus cé leis a n-oibreoimid air seo?

### Tosaíocht Straitéiseach 1:
**Oibreoimid i gcomhar le chéile chun go mbeidh an oiread deiseanna agus féidir tugtha do gach duine le páirt a ghlacadh i saol cruthaitheach agus cultúrtha na Cathrach**

Leanfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag tacú leis an rannpháirtíocht sa chultúr agus leis an goleachtas cultúrtha trí chomhpháirtíochtaí agus trí chomhoibriú, trí thacaíocht shuntasach dhíreach agus indíreach agus trí bhonneagar cultúrtha a sholáthar ar fud na cathrach agus i comharsanachtaí na cathrach. Oibríonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun rochtain chuimsitheach a chinntiú do chách, ionas nach mbeidh cúinsí fisiciúla ná constaicí airgeadais ina mbac nuair a thagann sé chuig an rannpháirtíocht.

> *"Tá sé de cheart ag gach duine páirt a ghlacadh de réir mar is mian leo i saol cultúrtha an phobail, taitneamh a bhaint as na healaíona agus a bheith páirteach i ndul chun cinn eolaíochta agus sna buntáistí a bhaineann leis".* Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, Airteagal 27 (1)

Beimid ag comhoibriú chun rochtain an phobail ar eispéiris chultúrtha a chur chun cinn agus a sheachadadh trí chláir de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ina measc Clár na Léitheoirí Cónaithe, Clár na Staraithe Cónaithe, Baile Átha Cliath, Cathair Litríochta UNESCO, Clár na Scríbhneoirí Cónaithe agus Culture Connects Bhaile Átha Cliath, agus muid ag obair le comhpháirtithe, le scoileanna, le comharsanachtaí agus le grúpaí pobail. Cuirfidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Ghaeilge chun cinn agus tabharfaidh sé rochtain ar eispéiris chultúrtha do chách trí chláir éagsúla ar na healaíona cultúrtha a sholáthar.

### Tosaíocht Straitéiseach 2:
**Tabharfaimid cuireadh do pháistí a bheith ag baint taitneamh as a gcathair, a bheith ag siúl thart inti agus ag imirt inti.**

Díreoimid ar thosaíocht a thabhairt don súgradh mar chultúr do na páistí, ionaid chultúir a athmhunlú agus suiteálacha ealaíne spraíúla a chur iontu ionas go mbeidh siad oiriúnach do pháistí, agus na sráideanna a dhearadh chun beocht a chur sa chathair agus imeachtaí idirghníomhacha spraíúla a éascú.

### Tosaíocht Straitéiseach 3:
**Oibreoimid chun cur leis an mbonneagar cultúrtha agus cruthaitheach áitiúil ionas go bhféadfar úsáid ghníomhach a bhaint as na spáis phoiblí i gCathair Bhaile Átha Cliath.**

Cuireann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath réimse leathan de sheirbhísí éagsúla ar fáil do shaoránaigh Chathair Bhaile Átha Cliath, do ghnólachtaí agus do chuairteoirí a thagann chuig an gcathair. Díreoimid ar fhuinneamh dearfach a chruthú sa chathair, trí spásanna glasa, spásanna súgartha agus suíocháin a fhorbairt ar fud na cathrach. Leanfaimid orainn ag cur na spásanna atá againn le haghaidh imeachtaí poiblí ar fáil don chultúr agus don chruthaitheacht.

Tugann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tús áite d'áiseanna cultúrtha a chur ar fáil ar fud na cathrach agus cur leis an bhfeasacht ar ár n-oidhreacht chultúrtha agus foirgnimh agus an réimse poiblí a dhearadh sa chaoi is go mbeidh ár sráideanna sábháilte agus gnóthach, ionas go mbraithfidh na daoine a mhaireann sa chathair agus a thagann ar cuairt, beag beann ar chúlra sóisialta nó cultúrtha, gur leo an chathair agus go bhfuil siad bainteach léi, go mothóidh siad sábháilte ina gcomharsanachtaí agus go bhfuil fáilte rompu páirt iomlán a ghlacadh i saol pobail, saol sóisialta, saol cultúrtha, saol gnó agus saol polaitíochta na cathrach.

### Tosaíocht Straitéiseach 4:
**Tabharfaimid ómós dár stair agus díreoimid ar ár dtodhchaí.**

I rith dheich mbliana na gCuimhneachán dhírigh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath isteach ar imeachtaí suntasacha i stair na hÉireann a raibh baint ar leith acu le Cathair Bhaile Átha Cliath, agus fáilte curtha roimh dhearcthaí éagsúla ar an stair.

I measc na gcomóradh bhí Vótaí do Mhná (1918), Cogadh na gCarad agus an Sos Cogaidh. Tá an seisear Staraí cónaithe atá ag Cathair Bhaile Átha Cliath ag obair leis an bpobal, le leabharlanna, le grúpaí pobail agus le scoileanna sa chúig réimse riaracháin i gCathair Bhaile Átha Cliath chun go mbainfidh gach duine taitneamh as an stair agus go mbeidh fáil ag gach duine uirthi.

### Tosaíocht Straitéiseach 5:
**Déanfaimid comhpháirtíochtaí inmheánacha agus seachtracha a fhorbairt chun go mbeidh níos mó daoine rannpháirteach sa chultúr.**

Beimid i mbun cumarsáide agus plé leis an lucht spéise is tábhachtaí trí phróiseas leanúnach a mhairfidh le linn shaolré na Straitéise, ag spreagadh rannpháirtíocht chruthaitheach agus comhoibriú sa chathair. I measc na gcomhpháirtithe tá Bealtaine, Conradh na Gaeilge, Féile Lá Fhéile Pádraig, Institiúidí Cultúrtha Náisiúnta, Cathair Litríochta UNESCO Bhaile Átha Cliath, Líonra Cathracha Cruthaitheacha UNESCO, cathracha eile na tíre seo agus Gradam Idirnáisiúnta Liteartha Bhaile Átha Cliath.

Leanfaidh Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Chathair Bhaile Átha Cliath ag plé le foireann iomlán Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun smaointe agus tionscadail nua a fhorbairt, chun an comhoibriú a láidriú laistigh den údarás áitiúil, agus teacht ar bhealaí nua le bheith ag obair le chéile ionas gur féidir an chomhpháirtíocht agus an bonneagar a fheabhsú agus a fhorbairt, sa chaoi is go mbeidh na saoránaigh níos páirtí in imeachtaí cultúir agus cruthaitheachta sa chathair.

### Tosaíocht Straitéiseach 6:
**Tacóimid le healaíontóirí agus cruthaitheoirí eile**

Oibreoidh Foireann Chultúir agus Chruthaitheachta Chathair Bhaile Átha Cliath le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun an chruthaitheacht a chothú agus chun rannpháirtíocht i saol cultúrtha an phobail a threisiú. Tá rún againn timpeallachtaí a thacóidh le healaíontóirí agus le cruthaitheoirí eile a fhorbairt. environments to support artists and other creators.

Leanfaimid orainn ag iarraidh an dea-chleachtas i réimse na n-ealaíon, an oideachais agus na foghlama a chur chun cinn i gceantar Chathair Bhaile Átha Cliath agus tacaíocht a thabhairt don obair atá ar bun faoi stiúir ealaíontóirí, oideachasóirí ealaíon agus eagraíochtaí ealaíon ceannródaíocha i suíomhanna foghlama.

Tacaíonn Oifig Ealaíon Chathair Bhaile Átha Cliath le hardchaighdeáin a chur chun cinn sna healaíona trí fhorbairt ghairmiúil a chur ar fáil d'ealaíontóirí, d'oibrithe ealaíon agus cultúrtha, d'oideachasóirí agus d'éascaitheoirí. I measc chlár oibre na hOifige Ealaíon tá maoiniú díreach do *The Lab* (An Gailearaí agus na Spásanna Cleachtadh), na féilte ar fud na cathrach, cláir ealaíne le leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine aosta, Clár Ealaíne Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath, agus tacaíocht mar a bhaineann leis an bhforbairt ghairmiúil a chur ar fáil d'ealaíontóirí.

### Tosaíocht Straitéiseach 7:
**Déanfaimid na tionscail chultúir, chruthaitheachta a chur mar chuid lárnach d'iomaíochas agus de cháil dhomhanda Bhaile Átha Cliath.**

Tugann na comhdhálacha agus na himeachtaí idirnáisiúnta deis do Bhaile Átha Cliath a bheith ina bealach isteach do thíortha an domhain chuig Éirinn agus chuig an Eoraip. Tarraingíonn na himeachtaí seo aird ar ár gcathair agus ar an réigiún, ar earnáil na turasóireachta, na n-óstán agus an fháilteachais in éineacht lenár dtionscail chultúrtha agus chruthaitheacha. Leanfaimid orainn ag tacú le comhdhálacha idirnáisiúnta agus ag comhoibriú le Fáilte Ireland agus le comhpháirtithe eile chun imeachtaí móra a mhealladh chuig an bpríomhchathair. Coinneoimid orainn freisin ag forbairt féilte atá ag teacht chun cinn a fhéachann le háit ar leith a bhaint amach do Bhaile Átha Cliath mar ionad cheann scríbe domhanda atá tarraingteach agus bríomhar.

Tógfaimid naisc le príomhchathracha eile ar fud an domhain, a rachaidh chun tairbhe dúinn ar fad, agus beidh imeachtaí agus féilte idirnáisiúnta á stiúradh agus a n-óstáil againn i gcaitheamh an ama.



Mural – Finglas Civic and Leisure Complex, designed in collaboration with Mellowes Spring Childcare and Development Centre, 2021

# 6 Cur chun feidhme arna déanamh ag Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta Bhaile Átha Cliath

Tá Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun cur i bhfeidhm na Straitéise seo a threorú agus a mhaoirsiú.

Is iad na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta bunchloch na *bPobal Ildánach* ar fud gach ceann den 31 údarás áitiúil in Éirinn. Tugann na foirne seo réimse agus leibhéal suntasach saineolais le chéile agus, in go leor cásanna, áirítear orthu daoine gairmiúla ó réimsí amhail ailtireacht, na healaíona, gníomhú ar son na haeráide, forbairt pobail, fiontraíochta agus timpeallachta, oidhreacht, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, an Ghaeilge, leabharlanna, pleanáil spásúlachta, turasóireacht agus eile. Cuireann an méid eolas teicniúil atá ag na foirne seo ar chumas gach údarás áitiúil úsáid a bhaint as an méid léargais, acmhainní agus taithí seachadta atá acu, nithe nach mbeadh ag mórán eagraíochtaí poiblí eile ná ag eagraíochtaí san earnáil phríobháideach.

**Is é an ról atá ag an bhfoireann seo ná:**

— Fóram comhchoiteann a chur ar fáil i dtaobh uaillmhian an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh den údarás áitiúil;

— Díriú ar éagsúlacht agus uileghabhálacht agus a chur ar chumas pobail a bhfuil sé níos deacra iad a mhealladh a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta;

— Cur le saineolas agus straitéisí intí atá ann cheana ar feadh réimsí na folláine, aontacht folláine agus forbairt eacnamaíochta d'fhonn leas a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun cláir oibre spriocdhírithe údaráis áitiúil a chur ar fáil; Athrú a chumasú i dtaobh an luach atá ar earnáil an chultúir agus na cruthaitheachta laistigh d'údaráis áitiúla agus ar fud údaráis áitiúla a chinntiú go ndéantar an cultúr agus an chruthaitheacht a leabú ar fud pleananna, polasaithe agus foirne tionscadail sna húdaráis áitiúla.


— Borradh a chur faoi ghníomhartha tras-chomhoibríocha a thacaíonn le hathrú agus torthaí dearfacha go háitiúil, agus a d'fhéadfadh a bheith ann idir údaráis áitiúla ag leibhéal réigiúnach; agus

— A bheith nuálach agus rioscaí a ghlacadh — tionscadail nua agus bealaí nua oibre a thriail.

Tá seachadadh na Straitéise faoi stiúir Leabharlannaí na Cathrach agus i measc bhaill na Foirne Cultúir agus Cruthaitheachta do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tá an Leas-Leabharlannaí Cathrach, Oifigeach Ealaíon na Cathrach, Ailtirí na Cathrach, an tOifigeach Oidhreachta agus an tAiltire Caomhnaithe, an Comhordaitheoir um Athrú Aeráide, Seandálaí na Cathrach, Stiúrthóir Ghailearaí an Stiúrthóra Hugh Lane, an Leas-Cheann Forbartha Geilleagraí, Forbairt Pobail, Ceannfort Pháirceanna na Cathrach, Ceann an Aonaid Imeachtaí, an Oifig Idirnáisiúnta, Comhlacht Cultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhordaitheoir Éire na Sláinte.

Is gnéithe ríthábhachtacha iad na struchtúir agus na próisis seo chun go n-éireoidh linn agus cuirfidh siad ar chumas *Pobail Ildánacha* tosaíochtaí straitéiseacha a chomhlíonadh do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

## Léarscáil de Bhaile Átha Cliath



A Government of Ireland Initiative.
Tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann.

—

CreativeIrl
creativeirl
creativeireland

—

**creativeireland.gov.ie**

**Éire Ildánach**

*Ag spreagadh agus ag athrú daoine, áiteanna agus pobal tríd an gcruthaitheacht.*